
# Oibrithe Otharcharranna ar Stailc

Eochairfhocail: criúnna, stailc, paraimhíochaineoirí, pá, moltaí, tuarascáil

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1.Cén fáth a bhfuil criúnna otharcharranna amuigh i mbun stailce?
2.Ainmnigh an ceantar Gaeltachta a luaitear nach bhfuil seirbhís iomlán otharcharranna i bhfeidhm ann?
3.Cén criú a bhí i mbun stailce taobh amuigh d'Ospidéal na hOllscoile Ciarraí?
4.Céard a moladh i dTuarascáil McHugh/Crabtree sa bhliain 2020?
5.Cad é go díreach atá á lorg ag Niamh Ní Ghráinne agus ag a comhghleacaithe?
6.Cad a dhéanann lucht an otharchairr anois murab ionann agus an córas a bhíodh ann blianta ó shin?
7.Céard iad na trí cheantar i gCiarraí a luann an Comhairleoir Roibeárd Ó Brosnacháin nach bhfuil aon seirbhís otharchairr i bhfeidhm iontu inniu?
8.Cén páirtí polaitíochta lena mbaineann an Comhairleoir Roibeárd Ó Brosnacháin?
9.Cad a scríobhadh sa ráiteas a d'eisigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte?
10. Ar mhaith leat a bheith i do pharaimhíochaineoir? Cén fáth?



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Aimsigh na botúin**

Is post dúshlánach é post an pharaimhíochaineora in (1) Éireann. Tá freagracht (2) mór ag baint leis. Is éard a (3) déanann paraimhíochaineoirí ná go dtugann siad cúram réamh-ospidéil d'othair. I bhfocail eile, tugtar aire don othar agus an (4) othar á thabhairt chun an ospidéil san otharcharr. Tá sé seo fíorthábhachtach mar d'fhéadfadh an cúram sin san otharcharr (5) ana-difríocht a dhéanamh i saol an othair. Go deimhin, is minic gurb iad na paraimhíochaineoirí a (6) shábháilann saol an othair sula sroichtear an t-ospidéal. Tá ardú pá á lorg ag paraimhíochaineoirí faoi láthair agus tá siad (7) amach i mbun stailce an (8) seachtain seo toisc nár cuireadh moltaí maidir le harduithe pá a rinneadh sa bhliain 2020 i bhfeidhm go fóill, dar leo.

## Idirghníomhaíocht Labhartha:

**Ag obair le do pháirtí ranga, déanaigí plé ar obair an pharaimhíochaineora in Éirinn. Bíodh na ceisteanna seo a leanas in úsáid agaibh mar threoir chun an comhrá a stiúradh.**

- An gceapann tú gur post deacair é post an pharaimhíochaineora? Cén fáth?
- Cén saghas tréithe a bheadh ag teastáil ó pharaimhíochaineoir, dar leat?
- Cén saghas traenála a bheadh ag teastáil ó pharaimhíochaineoir, dar leat?
- An bhfuil aithne agat ar aon pharaimhíochaineoir?
- Luaigh cúram amháin a chuireann paraimhíochaineoir ar othar agus iad ar a mbealach go dtí an t-ospidéal?
- Luaigh baol amháin a bhaineann le post an pharaimhíochaineora, dar leat?
- An raibh aon taithí phearsanta agat féin le paraimhíochaineoir? Má bhí, cén saghas duine a bhí ann/inti
- An dtacófá le lucht na stailce an tseachtain seo? Cén fáth?

## Freagraí

1. 1.Níor cuireadh moltaí maidir le pá i bhfeidhm
2. Corca Dhuibhne, Ciarraí Thiar
3. Criúnna an Iardheiscirt
4. Go gcuirfí scála pá feabhsaithe i bhfeidhm do pharaimhíochaineoirí sa tseirbhís phoiblí
5. An difríocht ó thaobh pá de idir muintir an otharchairr agus lucht na seirbhísí eile sa tseirbhís phoiblí a laghdú
6. Tugann siad aire don othar ag láthair na timpiste anois seachas díreach é/í a thiomáint go dtí an t-ospidéal
7. Corca Dhuibhne, Uíbh Ráthach agus an Neidín
8. Sinn Féin
9. Glacann an HSE leis gur gá scála pá nuachóirithe a chur i bhfeidhm agus tá siad ag súil go rachaidh na ceardchumainn agus an NAS i gcomhairle leo chun teacht ar réiteach

Is post dúshlánach é post an pharaimhíochaineora in Éirinn. Tá freagracht mhór ag baint leis. Is éard a dhéanann paraimhíochaineoirí ná go dtugann siad cúram réamh-ospidéil d'othair. I bhfocail eile, tugtar aire don othar agus an t-othar á thabhairt chun an ospidéil san otharcharr. Tá sé seo fíorthábhachtach mar d'fhéadfadh an cúram sin San otharcharr an-difríocht a dhéanamh i saol an othair. Go deimhin, is minic gurb iad na paraimhíochaineoirí a shábhálann saol an othair sula sroichtear an t-ospidéal. Tá ardú pá á lorg ag paraimhíochaineoirí faoi láthair agus tá siad amuigh i mbun stailce an tseachtain seo toisc nár cuireadh moltaí maidir le harduithe pá a rinne ach sa bhliain 2020 i bhfeidhm go fóill, dar leo.

